

SGÉUL RÍ LIAM.

Saighdiúr a bhí i nGaillimh agus bhí sé an bharamhalach dhó fhéin cheap sé nach raibh fear a bith chomh maith leis. Agus oidhche bhí sé ansoin súgach agus casadh saighdiúr eile leis agus níor aithnigh sé an saighdiúr eile. “Tá mise dul go Sasana a máireach” adeir sé leis a saighdiúr eile. “Cé’n graithe tá a’d ann” adeir an saighdiúr eile. “Tá mé a dhul chomh fada le rí Liam ann” adeir sé “go bhfág mé teisdiún ardúghadh do na saighdiúirí. Níl aon pháigh dhóib. Níl dóib ach dhá theisdiún tá mé dul go bhfág mé scilling dhóib.” “Is ait a fear tú” adeir an saighdiúr strainséara seo “gabhfaidh mise in éindí leat.” “Ach cé’n tainm atá ort” adeir sé “Liam” adeir sé. “Liam atá orm sa freisin” adeir an saighdiúr strainséara agus ó tharla go Liam atá ar an mbeirt ainn tiubhrfaidh muid Brother Billy ar a chéile.

D’imigh leóthab ansoin go rabhadar ag an gcéad teach ósta taobh thoir de Gaillimh. Gabhfhamuid isteach anseo” adeir an saighdiúr gaisgeamhail. “Teidhimuid cheana” adeir an saighdiúr eile. Chuaidg siad isteach agus fuair chaon duine acab féibrí rud a bfearr a dfeill é fhéin dól siad agud d’íoc seisean é. Bhí an saighdiúr stráinséara a dhul a faghailt deoch eile. “Ó ní bheidh” adeir sé “céibrí rud a bheas muid ní bheidh muid ar meisge.” “Is ait an fear thú” adeir an saighdiúr strainséara is gearr is bheidheas muid go bhfág muid áit eile. D’imigh leóthab is a chéad ósta eile casadh ortabh chuaidh siad isteach is bhlaogh an saighdiúr strainséara é.

Bhí siad a siubhal leóthab a tairringt ar Bhleá Cliath agus bhí sgathamh mór dhen oidhche caithte agus gan iad a feiceáil aon teach ná solus ná tada. Sgearr ansoin go bhfaca siad solus i bhfad ón mbóthar. “Ba cheart” adeir sé “go mbeadh bóthar eile dhul ag a solus sin beidh muid ag aireachas.” Sgearr ansoin go bhfaca siad stip isteach sa sgonsa. “Bhoil bhféidir” adeir sé gur teach é nach bhfuil tada dhul ann ach leighfidh muid an oidhche tharainn ann.” Chuaidh siad isteach agus lean siad den chosán go dtáinig said ag a teach. Teach mór fada abhí ann gan aon staighre ach bhí sé chomh mór le trí theach bhí sé chomh fada sin as a chéille.

Nuair a tháinig siad isteach ansoin bhí beirt mná istigh ann sean bhean agus bean óg. Dfiafruigh a saighdiúr sreáinséara bhfaigheadh siad lóistín . Dubhairt an tsean bhean go bhfaigheadh ach go niocfhaidís air. “Íocfaidh muid” adeir sé seo “ach ní mór duinn seomra maith fhaghail agus iocfaidh mise tú. Iocfaidh mé sul dá dteigh mé sa seomra chor a bith.” Spáin an tsean bhean an seomra dhó “bhfuil chuile shórt ad da mblaoighfidh muid air” adeir sé. “Tá” adeir sí “chuile shórt ithe agus agus ól am.” “Cé méid a bheas tú iarraidh orrainn” adeir sé. “Trí phunt” adeir sí. Tiubharrfidh mé chúig phunt dhuit” adeir sé. Thug sé cúig ghine buidhe di. “bféidir go mbeadh muid píosa dhen oidhche a cainnt le chéile” adeir sé “agus tá mise rádh leat céibrí cé thiochas isteach gan aon dhuine leigean a cur mí oiblugáid orrainne go dtogruigh muid fhéin eirigh ar maidin. “ Ná bíodh faitchios ort” adeir sí.

Nuair a chuaidh sí síos ansoin dubhairt sé leis a bhfear eile "is olc an áit ar casadh muid seod teach tóiriseachaí agus níl baoghal ar bith nach bé an bás é." "Bhoil" adeir a saighdiúr gaisgeamhail má fháigheann muide bás níl baoghal ar bith nach bhfaigh daoine bás i dtosach orrainn "beidh cuid acab ann nó leagfaidh mise iad.

Tháinig cailín abhí sa teach aníos. "beirt shaighdiúir sib" adeir sí. "Seadh" adeir siad. "caithfidh sé gur duine uasal duine agaibh" adeir sí. "Ní sheadh" adeir a fear gaisgeamhail "an tusa a d'íoc a tairgead" adeir sí. "Ní mé" adeir sé "ach an fear seo" "duine uasal é sin" adeir sí. "Ach is olc an áit a dtáinig sibh le na mbás" adeir sí. "Tá ceathar mac ag a mbean sin" adeir sí "agus ní leagfhadh an bhean aon laimh orraib ach marbhócaidh siad siúd sibh." "A chailín is fearr a chonnaic mé riamh" adeir sé "bhfuil aon ghunna sa teach" "tá" adeir sí. Tabhair aníos trí nó ceathair dhe cheanna acab am" adeir sé agus nuair a thiocfhas siad isteach ní bheidh mórán suim a'm sa iad a mharbhughadh." "Ní mórán a'm é sin a dheanamh" adeir sí. Thug sí aníos na gunaí acab agus leag sé ar an mbord iad.

"Má theagann orainn a Brother Billy" adeir sé "cé's fearr leat sa a caitheadh nó lódáil" "Éist liom adeir Brother Billy "bhí fhios a'm go maith nar mhargadh mór do bhealach." "Ní mórán achair go dtáinig na fir isteach. "Cé sórt solus é seo thiar" adeir duine acab. Lóistéirí a leig mise isteach" adeir an mháthair. "Beirt shaighdiúr abhí dhul amúdh" adeir sí. Nach raibh fhios a'd nar cheart dhuit saighdiúr a leigeann isteach anseo" adeir sé. "Tuige" adeir sí "nach bhfuil fhios a'd go bhfuil tuille le theacht na ndiaidh sin" adeir sé "ach sgearr a saoghal a thiubhrfhas mise dhóib" adeir sé.

Nuair a chuala an fear shiar é sin thuit sé ar lagar. "Creidim" adeir an fear eile gur an iomarca páigh abhí do shaighdiúr a thuithfheadh ar lagar. Tharraing sé taobh shiar den dorus é an bealach a dtuitfheadh an cúlaith 'sa gcaoi nach bhféudfá aon bhlas a dheanamh air. Sgearr go buaileadh an dorus. "Cé'rd tá ort" adeir sé nach bhfuil fhios a'd go bhfuil muide ag íoc an tseomra seo agus nach bhféudan sib éisteach linn." "Oscail a dorus" adeir sé nó brisfidh mé é. "Oslóchad" adeir sé. Doscaill sé an dorus agus an chéud fhear a tháinig isteach chaith sé é, agus an dárna fear a tháinig isteach chaith sé é agus an triomhadh fear agus an ceathraimadh fear agus tháinig an mháthair isteach na ndiaidh agus chaith sé an cúigear.

Nuair abhí an cúigear marbh ansoin d'fíafhuigh sé den chailín cén bealach abhí léithi fhéin. "Sé'n chaoi ar chroch siad leótab anseo mé" adeir sí "le bheith mo chailín acab fhéin is ag a máthair agus bhí an mháthair féarálte go leór marach iad fhéin. Agus níl fhios céurd tá sa teach seo le bhfuil dhe ór is de airgead ann." "Is cuma dhuinn céurd tá ann go dteaga muid as Sasana adeir sé. Bhuaill leóthab lár na mhaireach go ndeachaidh siad in aice Bhleá Cliath agus bhí sé an oidhche orrthab nuair abhí siad in aice Bhleá Cliath agus bhí an cailín an aonfheacht leóthab freisin. Nuair abhí siad a teacht ar theach mór breagh chonnaic siad beirt mhná ag imteacht as sean fhear agus bean óg. Chuaigh sé seo rúthab "creidim gur le doidhfeal roimhainne atá sib ag imtheacht" adeir sé "ní sheadh" adeir an tsean bhean "agus má tá misneach maith a'd tiubhraidh mé na heochrachaí dhuit tá chuile rud réidh ann níl mé i ndon fanacht aon oidhche ann ag taidhbhsí." "Bhoil" adeir sé "fanfaidh mise ann ach tiubhrfadh sibse lib an bhean seo go dtí máireach." "Tiubhrfhidh" adeir sí. Dfan an bheirt ann. D'imthig leis ansoin sa teach a tóruigheacht óil, agus ní raibh ól a bith sa teach i ndon é

dheanamh, go dtáinig sé isteach i seomra agus agus bhí fear mór dubh ina shuidh ar bairrile agus a chaipín annuas ar a shúilibh, "bhoil a Mr Trom Cap" adeir sé "cérd sórt braon atá a'd." "Á ----á" adeir a fear "m'anam go mbféidir gur braon maith atá a'd" adeir sé a tabhairt gimléad den bharrile agus a tabhairt braon as agus bhlas sé de. "A Mr Trom Cap" adeir sé "is maith é do bhraon.

Thug aniar ag an bhfear eile é agus bhí siad ag ól ní morán achair gur chuala siad a trup trap a teacht anuas. "Tá mé réidh" adeir a saighdiúr eile agus thuit sé ar lagar. "Creidim" adeir gur an iomarca abhí Rí Liam a thabhairt de chuid dhe na saighdiúir. "Tháinig triúr ógánaí breagh anuas an staighre agus iad gléasta i gcultachaibh dubha agus Mr Trom Cap an aonfheacht leóthab. Bhí poll thuas ar an tsíleáil agus thóig duine acab liathróid agus shíl sé í chur suas thríd i bpoll agus thuit sí anuas air agus bhain sí cois de. Chaith sé suas aríst í agus thuit sí aríst agus bhain sí cois eile de. Chaith sé suas aríst í agus thuit sí aríst air agus bhain sí laimh de. Chaith sé suas aríst í agus thuit sí agus bhain sí an láimh eile de. Rinne sí an cleas céudna leis an mbeirt ógánach eile nior fhág sí cois ná láimh orrthab.

Bhí an sean fhear dubh a dul a breith ar an liathróid ansoin ach rug an saighdiúr uirthi. "A Mr Trom Cap" adeir sé "thug tú fhéin deoch mhaith dhomsa ar ball agus cuirfidh mise an liathróid suas duit fhéin anois." Chaith sé suas an liathróid agus thuit sí anuas agus bhain sí cois de. Chaith sé suas aríst í agus thuit sí aríst agus bhain sí cois eile de. "Bhoil a Mr Trom Cap" adeir sé tiocfaidh sí suas anois siúráilte." Chaith sé suas í agus chuir sé amach thrí bharr a thighe í. Ar a bpoinnte boise tháinig na cosa ar ais air agus tháinig na cosa agus na lámha ar an gcuid eile. Bháith siad le deóra é mhúch siad le póga agus thriomuigh siad le brath míne fíor uasal é. "Is tú an fear is fearr 'sna trí rioghacht" adeir siad. "Go deimhin sé" adeir a saighdiúr eile sin é an uair a dhúisigh sé. Bhí an oidhche ansoin ag a seisear go maidin.

Ar maidin nuair a tháinig na mná bhí na fir sùgach bhí an mháthair agus an ingean lán de bhród nuair a chonnaic siad an tathair agus an chlann mhac tóigthe ó dhroichead. Ach ní raibh an bhean eile an aonfheacht leis an mbeirt mhná. "Sin í an bhean is ardnósaí i mBleá Cliath" adeir an bhean agus an aonfheacht léithi abhí mise aréir. Sé chaoi ar sguab siad sin leóthab isteach i dteach na dtóiriseachaí í le bheith na cailín acab. Nuair a thiocfhas tú ar ais sa Sasana dubhairt sí leat a theacht anseo go dteigh duine an aonfheacht leat ina tighe mar ní phósfaidh sí aon fhear go brách ach thú má phósann tú í, agus níor tháinig sí chomh fada leat go dtighfheá as Sasana.

Nuair a thiocfhas tú as Sasana tiocfaidh tú anseo agus beidh chuile rud réidh romhat ann." D'ímtigh leis é fhéin is a chomhrádaí go ndeachaidh siad go Sasana. Nuair abhí said a teacht i ngar dho theach an Rígh d'fhiafhuigh Liam de Brother Billy "cé'n chaoi a naithneóchaidh mé an Rí." "Beidh a chaipín bainnte de chuile dhuine ach díot sa is den Rí" adeir Brother Billy. Nuair abhí siad i ngar den teach bhí na sluaighte daoine a teacht agus a chaipín bainnte de chuile dhuine. Adeir Liam leis an saighdiúr eile is cosamhail gur mise nó tusa an Rí." "Is cosmhail gur muid" adeir a fear eile. "Is mise an Rí ach is tusa ba cheart a bheirt do Rí." Chaith sé ar a dhá ghlúin é fhéin agus d'iarr sé pardún mar gheall ar an tarringt a thug sé dhó i dteach na dtóiriseachaí. "Ó" adeir a Rí nach mbeinnse marbh marach thusa. "Ach is tusa an saighdiúr" adeir sé "agus ba mhaith liom thú chuir ar an bhfear ba goire dhom fhéin i

Sasana.” “Sé niarrfaidh mé ort” adeir Liam “mé chur as cionn saighdiúir a bhfuil mé fhéin ionntab i nGaillimh.” “Cuirfidh mé as cionn saighdiúir na trí rioghacht thú” adeir sé. “Tiubhrfaidh mé árd réult dhuit , agus tiubhrfaidh mé litir mhaith dhuit go dtí an Coirnéal sin atá i nGaillimh ort, faitchios go gcuirfheadh sé aon trioblóid ort”adeir sé

“Arnú tá tú tabhairt an teisdiún arduighadh dho na saighdiúir” adeir sé. “Táim” adeir sé beidh sgilling dhóib an fhad is bheas mo dhligh sa ag imteacht aríst” adeir sé. Sin é an chaoi bhfuair na saighdiúir an sgilling sa ló .Dubhairt sé ansoin nach mbeadh aon bhlas le deanamh aige chaoidhin aríst ach bheith siubhal thimpheall ar na trí oileán feuchaint a mbeadh chuile short ceart. Dfan sé an aonfheacht leis ansoin san oidhche agus lár na mhaireach tháinig sé go hÉirinn aríst.

Seól leis lár na mhaireach go dtháinig sé sa teach ar fhág sé cheanna teach Mr. Trum Cap. Nuair a tháinig sé ag a teach sin ansoin chuaidh siad an aonfheacht leis go ndeachaidh siad sa teach a raibh an bhean.

Nuair a tháinig sé ann dfhiarfrugh an bhean de a raibh sé dul a pósadh agus dubhairt sé go raibh Cuireadh fios ar shagart méise agus cléireach uisge gur pósadh iad, go raibh bainis seacht noidhche agus seacht lá acab ná raibh fhios cé bfearr an chéud oidhche ná an oidhche dheirneach le cupánachaí mil gréugach garbha teó blas na meala ar gach aon greim tur. Thug sé leis meitheal mór fear ansoin agus chuaidh sé go dtí teach na dtóiriseachaí agus chuir sé leachta mór chlochh orrthab faitchios go neirigheóchaidís go dteó.

Thug sé leis an méid abhí ann agus chuir sé fios ag dhuine a bith ar tugadh aon bhlas uathab agus thug sé ar ais dhóibh é. Ansoin tháinig sé go Gaillimh agus tháinig sé ann i gculaith saighdiúra agus nuair a tháinig sé ann casadh cuide de na saighdiúir leis “ar muise” adeir siad leis “tá do pháigh i ndán duit, tá an oiread seo buillí de fhuip luaidhe le fágail a’d.” Chruinnigh chuile fhear acab air agus ní raibh aon fhear acab na raibh sé tabhairt dóibh. “Teigheadh chuile fhear agaibh” adeir sé agus ólfhadh sé a dhóthain anocht agus ná teighigí isteach sa mbearuic chor a bith” adeir sé. Bhí bunáite na saighdiúir ar fad ar iarraidh lár na mháireach agus cúirt le cur orrthab agus bhí Liam i dteach i nGaillimh agus chuir sé fios ar a gCoirnéal.

Spáin sé an litir dó a spáinnt an tárdúghadh abhí fáighte aige agus spáin sé an chulaith agus an réult dó agus spáin sé na páipéir abhí aige a fágail testíun arduighadh do na fir. “Bhí tusa le droch bhail a chur ormsa” adeir sé “ach tabhair aire duit fhéin feasta nú cuirfidh mé anuas thú. Chuaidh sé abhaile ansoin agus dfan sé an aonfheacht le na bhean ach lá a bith a dteastíochaidh uaidh imteacht.